




AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH


An Lárchóras Bailithe Ar Líne



FOGHLAIM - PLÉIGH - NASCADH - COMHAIRLE A LORG

| CLÁR ÁBHAR

Forléargas	3
An Lárchóras Bailithe Ar Líne	4
Struchtúr an Lárchórais Bailithe Ar Líne	5
Bealaí chun d'Ardán Bailithe Ar Líne a shaincheapadh	9
Tionscnamh a shíniú tríd an Lárchóras Bailithe Ar Líne	11
Atreorú chuig an Lárchóras Bailithe Ar Líne ó shuíomh d'fheachtais	12
Deireadh na tréimhse bailithe sínithe	13



1

Forléargas

Is é is aidhm do Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 1 mhilliún síniú ar a laghad a bhaint amach, agus lín íosta san áireamh i seacht mBallstát ar a laghad, laistigh de 12 mhí. I do cháil mar eagraí, beidh 6 mhí agat ó dháta clárúcháin do thionscnaimh chun a chinneadh cén uair a chuirfear tús leis an tréimhse bliana le haghaidh bailiú ráiteas tacaíochta, i bhfoirmeacha páipéir agus/nó ar líne.

Ní mór do shínitheoirí a bheith ina saoránaigh den Aontas Eorpach (náisiúnaigh Bhallstáit) agus sean go leor chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa (is é sin 18 mbliana d'aois i ngach Ballstát nó níos óige i roinnt Ballstát) – seachas sna cásanna sin ina bhfuil sé socraithe ag an mBallstát an aois íosta do shínitheoirí a laghdú go 16 agus ina bhfuil an Coimisiún curtha ar an eolas aige dá réir sin. Féach an liosta riachtanas aoise.

Is é an Lárchóras Bailithe ar Líne an t-aon chóras bailithe ar líne le haghaidh an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh le haghaidh tionscnaimh a cláraíodh tar éis 01/01/2023.



2

An Lárchóras Bailithe Ar Líne

Tá dhá chuid sa Lárchóras Bailithe Ar Líne:

- a. An chuid phoiblí ar a bhfuil rochtain ag na saoránaigh chun tacú le tionscnaimh.
- b. An chuid riaracháin inar féidir le heagraithe a gcóras a shaincheapadh nó teachtaireachtaí a sheoladh chuig a lucht tacaíochta. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chuid an riaracháin, féach Lámhleabhar Eagraí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (rud is féidir le heagraithe a rochtain).

Príomhghnéithe an Lárchórais Bailithe Ar Líne

- beagán ullmhúcháin le déanamh (réiteach lándéanta) agus saor in áisce;
- níl aon cheaduithe ná deimhnithe ag teastáil: comhlíonann an córas caighdeáin theicniúla agus slándála cheana féin
 - chun an córas a úsáid, níl le déanamh ach comhaontú a shíniú leis an gCoimisiún;
- socrú tapa: chun an córas a úsáid, níl le déanamh ach an Coimisiún a chur ar an eolas trí do chuntas eagraithe 10 lá oibre sula dtosaíonn an bailiú;
- Ráthaítear leibhéal ard slándála, lena gcomhlíontar an Cinneadh¹ maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach;
- tá an córas iomlán inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas
- Déantar tástálacha go rialta i ndáil le leochaileacht, feidhmíocht, inúsáidteacht agus inrochtaineacht;
- Tugtar deis d'eagraithe ríomhphoist a sheoladh chuig lucht tacaíochta;
- Comhtháite go hiomlán le cuntas eagraí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh;
- Comhtháite go hiomlán leis an tSeirbhís Malartaithe Comhad (chun ráitis tacaíochta a aistriú chuig na Ballstáit lena bhforú i gcás tionscnaimh rathúla);
- Déantar forbairt leanúnach trí ionchur a bhailiú ó pháirtithe leasmhara.



¹ Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

3

Struchtúr an Lárchórais Bailithe Ar Líne


Tá an painéal ar chlé ar an suíomh gréasáin deartha chun an méid seo a leanas a thaispeáint:

The screenshot shows the top of a web page for the European Citizens' Initiative. At the top left is the European Union flag and the text 'An tAontas Eorpach'. To the right is a language selector button labeled 'GA'. Below this is the title 'AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH — Lárchóras bailithe ar líne'. A large blue banner contains the text 'New My Initiative'. Below the banner is a white box containing details about the initiative, and a yellow callout box on the right.

An tAontas Eorpach GA

AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH — Lárchóras bailithe ar líne

New My Initiative

 **European Citizens' Initiative**

Cuspóirí
Objectives of My New Initiative

Leathanach gréasáin an tionscnaimh i gclár an Choimisiúin Eorpaigh
<https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2022/000022>

Suíomh gréasáin an tionscnaimh seo (más ann dó):
<https://myinitiative.eci.com>

Daoine teagmhála
tr tr
eciorganiser.demo@gmail.com

t2 t2
test@test.com

Uimhir chlárúcháin
ECI(2022)000022

Tús na tréimhse bailiúcháin
15/12/2022

[-Folaigh eolas breise](#)

Tacaigh leis an tionscnamh seo atá molta ag saoránaigh den Aontas

Roghnaigh tír do náisiúntachta

- lógó an tionscnaimh;
- an t-ábhar;
- príomhchuspóirí an tionscnaimh bheartaithe;
- an nasc chuig leathanach an tionscnaimh i gclár an Choimisiúin Eorpaigh;
- suíomh gréasáin an tionscnaimh.
- an nasc chuig a gcuntais meán sóisialta éagsúla

I measc an eolais bhreise ar an bpainéal sin tá eolas teagmhála na n-eagraithe, uimhir chlárúcháin agus dáta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse bailiúcháin.

Leis an mbarra dul chun cinn ar thaobh na lámhe clé den phainéal, is féidir leis an bpobal an dul chun cinn a fheiceáil maidir le bailiú na ráiteas. Seo an áit ar féidir leis na heagraithe naisc meán sóisialta a dtionscnaimh a chur leis.

Sínithe atá bailithe ar líne

9 / 1,000,000




Deireadh na tréimhse bailiúcháin:

15/12/2023



Faoi bhun an bharrá dul chun cinn feictear líon na sínitheoirí agus líon na ráiteas tacaíochta a bailíodh ar líne in aghaidh na tíre. Ach cliceáil ar 'Na tíortha ar fad', is féidir teacht ar mhapa dáileacháin agus ar thábla a thaispeánann líon reatha na ráiteas tacaíochta a bailíodh ar líne agus an céatadán de na tairseacha is gá atá bainte amach.

Ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne



Iomlán: 9

An tairseach: Chun go n éireoidh leis, caithfidh tionscnamh ó na saoránaigh milliún ráiteas tacaíochta a fháil agus na tairseacha íosta a bhaint amach i seacht mBallstát ar a laghad.

- Tíortha a bhfuil an tairseach sroichte acu
- Tíortha atá faoi bhun na tairsí
- Tíortha nach bhfuil aon ráitis tacaíochta acu
- Tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach

Tír	Ráitis tacaíochta	An tairseach	Céatadán
Lucsamburg Níl ráiteas ar bith ann go fóill	0	4,230	0%
Málta Níl ráiteas ar bith ann go fóill	0	4,230	0%
an Bheilg Níl ráiteas ar bith ann go fóill	0	14,805	0%
an Bhulgáir Níl ráiteas ar bith ann go fóill	0	11,985	0%

Ag bun an tsuímh gréasáin tá naisc chuig suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, áit ar féidir le húsáideoirí tuilleadh eolais a fháil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh mar uirlis, conas Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a shíniú agus na chéad chéimeanna eile de Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.



4

Bealaí chun d'Ardán Bailithe Ar Líne a shaincheapadh

Is féidir le heagraithe tionscnaimh a n-ardán sínithe a shaincheapadh sa Lárchóras Bailithe ar Líne. Is iad seo na bealaí inar féidir le heagraí saincheapadh a dhéanamh:

1. Lógó an tionscnaimh féin a uaslódáil;
2. An príomhdhath a shocrú;
3. Barra dul chun cinn maidir le bailiú sínithe an tionscnaimh a thaispeáint;
4. Mapa dáileacháin na sínithe a thaispeáint;
5. Na sínitheoirí is déanaí a thaispeáint;
6. An URL aisghlaigh a thaispeáint;
7. Naisc meán sóisialta a thaispeáint ('Scaip an scéal');
8. Lucht tacaíochta a chur ar an eolas;
9. Aiseolas na sínitheoirí a thaispeáint.

Féadfaidh an saoránach atá ag síniú an tionscnaimh teanga an chomhéadain a athrú tráth ar bith trí úsáid a bhaint as liosta anuas ag barr an leathanaigh ar dheis. Athrófar teanga eolas an tionscnaimh dá réir sin.

Tar éis do shaoránaigh tacú le tionscnamh, atreorófar iad go huathoibríoch chuig leathanach buíochais. Ar an leathanach buíochais sin, iarrfar ar an saoránach an tionscnamh a chomhroinnt ar a gcainéil féin ar na meáin shóisialta. Is féidir na naisc chuig na leathanaigh meán sóisialta sin a shainiú ar scáileán eagraí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh 'Lárchóras Bailithe Ar Líne a bhainistiú'. Is féidir leis an eagraí an teachtaireacht a thaispeántar a shaincheapadh chun lucht tacaíochta a spreagadh chun a dtacaíocht a chomhroinnt ar na meáin shóisialta, mar shampla 'Do chairde a chur ar an eolas'.



AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH — Lárchóras bailithe ar líne



GO RAIBH MAITH AGAT!
D'éirigh leat do ráiteas tacaíochta a chur isteach

Aitheantóir an tsínithe

d015877e-6bda-4262-b64c-0d8c7046b9f1

Dáta an tsínithe

17/01/2023

Coinnigh an t-eolas thuas le haghaidh fiosruithe amach anseo

An taitheantóir sínithe a uaslódáil

Do chairde a chur ar an eolas Do chairde a chur ar an eolas

Roinn an tionscnamh seo go ndéana tú athrú ar an domhan timpeall ort



Roinn ar Facebook é



Seol tvuit faoi



Roinn ar LinkedIn é

Conas a mhothaíonn tú faoin tacaíocht a thug tú don tionscnamh seo?

DONA

MEASARtha

MAITH

AN-MHAITH

An t aiseolas a gheobhaimid uait, beidh sé ina chuidiú dúinn an suíomh seo a fheabhsú.

Do chuid aiseolais...

300

SEOL AN tAISEOLAS

Cuir isteach do sheoladh ríomhphoist dá mba mhian leat go gcoinneoidis ar an eolas thú:

Faoin tionscnamh seo ó na saoránaigh ([Ráiteas príobháideachais](#))

Faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh i gcoitinne ([Ráiteas príobháideachais](#))

Tá an ráiteas príobháideachais ábhartha léite agam agus toillim le próiseáil mo shonraí pearsanta.

Seoladh ríomhphoist

Bí ar an eolas

5


Tionscnamh a shíniú tríd an Lárchóras Bailithe Ar Líne

Ag brath ar thír náisiúntachta an tsaoaránaigh, iarrtar air an tionscnamh a shíniú trí fhoirm ar líne nó trí ríomhaitheantas a thíre féin.

Agus an tír roghnaithe, bíonn an fhoirm ábhartha atá le líonadh ag an sínitheoir le feiceáil ar an leathanach céanna. Saincheaptar gach foirm de réir na sonraí a theastaíonn ón mBallstát a roghnaíodh.

Nuair a chuireann an saoránach a shíniú isteach, iarrtar air a sheoladh ríomhphoist a chur isteach chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscnamh agus faoin dul chun cinn atá déanta aige. Má chuireann an saoránach a sheoladh ríomhphoist isteach, féadfaidh an t-eagraí dul i dteagmháil leis trína chuntas eagraithe Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh sa mhodúl 'Tacaí a chur ar an eolas'.

Tugtar faoi deara: Déanann an Lárchóras Bailithe Ar Líne taifead ar an teanga atá roghnaithe ag an saoránach agus é ag úsáid an tsuímh gréasáin agus ag síniú an tionscnaimh. Fágann sé seo gur féidir leis an eagraí a fháil amach cén teanga is rogha leis an saoránach.



6

Atreorú chuig an Lárchóras Bailithe Ar Líne ó shuíomh d'fheachtais

Ó shuíomh gréasáin feachtais do thionscnaimh féin, is féidir leat atreorú chuig leathanach do thionscnaimh sa Lárchóras Bailithe ar Líne. Féach an lámhleabhar le haghaidh treoracha sonracha.



7

Deireadh na tréimhse bailithe sínithe

Ar dháta deiridh thréimhse bailithe do thionscnaimh, **dúnfaidh an córas an bailiú sínithe go huathoibríoch ar 24:00 am Lár na hEorpa**

Léireofar ar leathanach baile do chórais bailithe gur dúnadh an bailiú sínithe. Ní bheidh saoránaigh in ann an tionscnamh a shíniú, ach beidh siad in ann na sonraí maidir le bailiú sínithe a fheiceáil tríd an mapa agus tríd an tábla ina léirítear líon na dtacaithe a bailíodh le haghaidh an tionscnaimh.

An bhfuil ceistanna eile agat faoin gcóras bailithe ar líne? Féach ar an Lámhleabhar (ar fáil d'eagraithe).

